# Ceisteanna Coitianta

## 1. Fuair mé an tairiscint – cad é a tharlaíonn anois?

Seo an próiseas, céim ar chéim, ón tairiscint go dtí go gcuirfí an maoiniú:

1. Seol ríomhphost chuig cistespreagtha@cnag.ie le glacadh leis an tairiscint.
2. Cláraigh an t-imeacht ar peig.ie
3. Seol cóip den phóstaer chugainn agus scaip an scéal i measc an phobail!
4. Imeacht le reáchtáil.
5. Seol an fhoirm aiseolais, admhálacha agus grianghraif chugainn CLIAF tar éis an imeachta.
6. Seolfaí an maoiniú. ✅

## 2. Cén uair a gheobhaimid an maoiniú?

Seolfar an maoiniú nuair a bheas an fhoirm aiseolais agus admhálacha an chaiteachais go léir seolta chugainn.
*Níl cead againn íocaíocht a dhéanamh gan na hadmhálacha uilig.*

## 3. An féidir sonraí an imeachta a athrú?

Is féidir mionsonraí an imeachta a athrú, ar nós dáta/ am/ suíomh an imeachta, a fhad is go gcloítear le coinníollacha an Chiste.

Má tá athruithe le déanamh ní mór duit ríomhphost a sheoladh chuig cistespreagtha@cnag.ie chun na hathruithe a dheimhniú.

## 4. Cad é an ciall le “hábhar caipitil”?

Ní féidir rudaí a cheannacht a bheas fós agaibh tar éis an imeachta – mar shampla trealamh nó uirlisí.
Seo mar a mhíníonn Wikipedia é:

> *“In eacnamaíocht, is iad earraí caipitil nó caipiteal na hearraí marthanacha a tháirgtear agus a úsáidtear mar ionchuir tháirgiúla chun earraí agus seirbhísí eile a tháirgeadh amach anseo.”*

## 5. Cad é atá le bheith ar an phóstaer?

Nuair atá sonraí an imeachta socraithe agaibh agus sibh réidh len é a fhógairt, is féidir sonraí an imeachta a chur ar phóstaer ar cibé stíl ar mhian leat. An t-aon rud ar gá bheith leis ná na lógóanna seo thíos, atá ar fáil ag snag.ie/cs:

- Seachtain na Gaeilge
- Ciste Spreagtha
- Conradh na Gaeilge
- Lógó na Roinne

## 6. Cad é mar a chruthaímid póstaer?

Tá dhá rogha ann:

- Bhur ndearadh féin, ag úsáid bhur mbranda nó stíl féin a chruthú agus na lógóanna thuas a chur leis.
- Úsáid a bhaint as an phóstaer samplach atá ar fáil ag snag.ie/cs – níl le déanamh ach bhur gcuid sonraí a líonadh isteach, agus beidh sé réidh le roinnt.